

DUINE UASAL BHAILE NA DRUINNE

(de Mhuinntir Cuffe é)

Duine uasal a bhí ina chomhnaidhe i gCondae Mhuigheo. Rinne sé teach mór ar Bhaile na Druinne le haghaidh samhraidh agus fóghmhair dó féin. Bhíodh chuile shórt fear ceirde aige ann dar theastuigh ó aon duine uasal ariamh. Ins an am sin ní raibh aon áit seasta ag na sagairt le Aifreann a léigheadh nó le oidhche a chodladh. Bhí sagart ann a dtugaidís an t-Athair Pádraig Seoige air. Bhí teach an duine uasal ar a bhealach agus bhí sé i bhfad 's i bhfad a' stopadh ann anois agus aríst. Oidhche dá raibh sé ann nuair d'eirigh sé ar maidin chuaidh sé amach go dtí sruthán a bhí in aice an tighe. Nigh sé a lámha sa sruthán. Bhí na fir oibre ar fad a' dearcadh air a' nigheachán a lámh agus rinne siad iongnadh mór de. Ní raibh sé i bhfad imighthe nuair a tháinig an duine uasal. D'fíafuigh sé den bhean tighe nuair a tháinig sé a raibh an Sagart Seoigeach annseo aréir aice. Bhí faitchíos uirthé roimhe; mar sin féin dubhairt sí leis go raibh. "Well níl aon lucht air sin" ar seisean. "Tabhair lóisdín do chuile uair a thioctas sé chugat. Tá neart de chuile chineál óil shíos ins an soiléar agus rud ar bith a bhfuil suim aige ann tabhair dó é." "Déanfaidh sin" ar sise.

Fuair sí a dhinnéar réidh dhó agus nuair a bhí sé ag ithe a dhinnéir ghlaoigh sé ar an gcailín. "Bhfuil fhios agat" adeir sé céard tá ag tigheacht in m'intinn?" "Níl fhios" ar sise. "Níl a'm ach aon mhac amháin, agus tá sé dhá fheiceál dom gur le sagart a thuitfidh sé amach.

Níl achar fada ina dhiadh sin gur cailleadh an seandúine uasal. Ins an am sin badh iad na protastúnaigh a bhí ina gceannphortaibh ar na sgoltacha. Tháinig beirt de na mná rialta isteach ins an sgoil i mBaile an Róba. Tháinig mac an duine uasail isteach agus d'orduigh sé amach iad is chuaidh. Bhí sagart óg de na Tuairisgí a' gul thart is tháinig sé isteach. D'fíafuigh mac an duine uasail de céard a thug isteach é. "Sé mo ghraithe-sa a bheith ann" adeir an sagart, "ach ní hé do ghraithe-sa." "Beidh mise ann" adeir mac an duine uasail, "ach ní bheidh tusa." "Well beidh mise ann tar éis do bháis" adeir an sagart, 's ní bheidh tusa ann. Beidh mise annseo a leitheide seo lá" adeir mac an duine uasail, agus má bhíonn tusa ann imtheochaidh tú agus deifir ort."

"Well" adeir an sagart, beidh mise annseo a' fanacht leat ach do dhúbhshlán a thigheacht."

Fuair mac an duine uasal é féinfaoi réir an lá céadhna. Bhí a chóiste agus a phéire capall taobh amuich den doras aige, é réidh le dul isteach ina chóiste nuair a dubhairt sé go ndearna sé dearmad. "Céard sin" adeir an giománach. "Mo leabahr a d'fhág mé istigh ar bhord a' pharlúis." "Gabhfaidh mise ina coinne" ars an giománach." "Ní ghabhfaidh" ar seisean. "Rithfidh mé féin isteach."

Chuaidh sé féin isteach. Chuaidh sé siar ina sheomra. Luidh sé ar a leabaidh agus bhásuigh sé.

28/11/1934